Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Márta 2025**
**(OR. en)**

**7404/25**

**FIN 331**
**INST 75**
**PE-L 14**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7125/25 |
| Ábhar: | Aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025<br>– *Formheas*<br>– *Formheas litreach* |

1. An 14 Márta 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an togra i leith aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2025, i gcomhréir le hAirteagal 31(1) den Rialachán Airgeadais[1].

2. Mar a thaifeadtar in 7125/25, is é is cuspóir don togra sin EUR 350 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí araon a aistriú ó Mhír 30 04 01 02 (*Cúlchiste um Chabhair Éigeandála*) go hAirteagal 14 03 01 (*Cabhair dhaonnúil*).

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Tá an t-aistriú á mholadh chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais is práinní i ndáil leis na géarchéimeanna seo a leanas:

- Géarchéim réigiúnach na Súdáine (EUR 140 milliún, as sin beidh EUR 70 milliún curtha i leataobh don tSúdáin, EUR 30 milliún don tSúdáin Theas, EUR 30 milliún do Shead, EUR 6 mhilliún don Aetóip, EUR 2 mhilliún don Libia agus EUR 2 mhilliún don Éigipt);
- Poblacht Dhaonlathach an Chongó (EUR 40 milliún);
- an Phalaistín[1] (EUR 50 milliún);
- an tSiria (EUR 40 milliún);
- an Úcráin (EUR 40 milliún);
- an Afganastáin (EUR 28 milliún);
- an Phacastáin (EUR 6 mhilliún);
- an Iaráin (EUR 6 mhilliún).

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra le haghaidh aistriú ag an gcruinniú a bhí aige an 24 Márta 2025.

4. Tar éis an scrúdaithe sin, chomhaontaigh an Coiste um an mBuiséad, trí thromlach cáilithe, a mholadh go molfadh Coiste na mBuanionadaithe don Chomhairle an méid seo a leanas a fhormheas:

- an togra i leith aistriú leithreasuithe atá beartaithe, mar a leagtar amach in 7125/25 é; agus

- an dréachtlitir a leagtar amach san IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an nóta seo.

---

[1] Ní dhéanfar ainmniú na Palaistíne a fhorléiriú mar aitheantas do Stát na Palaistíne agus tá sé gan dochar do sheasaimh éagsúla na mBallstát ar an gceist sin.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTLITIR

ó: Uachtarán na Comhairle

chuig: Uachtarán an Choimisiúin

cóip: Uachtarán Pharlaimint na hEorpa

A Uachtaráin,

I gcomhréir le hAirteagal 31(6) den Rialachán Airgeadais an 23 Meán Fómhair 2024[1], cuirim in iúl duit leis seo gur fhormheas an Chomhairle aistriú leithreasuithe Uimh. DEC 03/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025.

(Clabhsúr dea-mhéine).

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).